# Stiúrthóir Acmhainní Daonna

**Próifíl an Róil**

**A. Sonraí**

| | |
|---|---|
| Post: | Stiúrthóir Acmhainní Daonna |
| Grád: | Leas-Phríomhoifigeach |
| Coibhéis lánaimseartha: | Lánaimseartha |
| Ag tuairisciú do: | Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon / Ard-Stiúrthóir |

**B. Forbhreathnú ar an Rannóg agus ar an Ról**

Is í an Chomhairle Ealaíon gníomhaireacht Rialtas na hÉireann le haghaidh na healaíona a fhorbairt. Oibrímid i gcomhpháirtíocht le healaíontóirí agus le hoibrithe ealaíon, le heagraíochtaí ealaíon, le lucht déanta beartas poiblí agus le comhpháirtithe eile chun áit lárnach a chruthú do na healaíona i saol na hÉireann. Tá seachtó duine ar ár bhfoireann bhuan oibre againn faoi láthair agus tá pleananna uaillmhianacha againn chun cur lenár mbonn foirne buaine thar thréimhse na 6-12 mhí atá le teacht.

Beidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna freagrach i gcomhpháirtíocht a dhéanamh le Foirne Bainistíochta Sinsearaí agus Ceannaireachta chun a chinntiú go bhfuil scoth na struchtúr eagraithe, na bpróiseas daonna agus na mbeartas daonna diongbháilte ag an gComhairle Ealaíon agus go bhfuil an cumas agus na córais aige chun an tallann is fearr a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Mar bhall den Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí, cuirfidh an Stiúrthóir AD go héifeachtach le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach, i gcomhpháirtíocht le gníomhaíochtaí a bhaineann le AD, á bhforbairt, á stiúradh agus comhairle a chur ar fáil fúthu. Beidh an Stiúrthóir AD ailínithe leis na Bainisteoirí Sinsearacha agus leis an bhFoireann Ceannaireachta, agus cuideoidh sé chun forbairt leanúnach eagraíochta trí thionscnaimh, cleachtais agus iompraíochtaí beartais a spreagadh, a dheimhníonn ailíniú le luachanna, fís misin, aidhmeanna agus cuspóirí na Comhairle Ealaíon.

Agus é/í i gceannas ar agus ag obair mar chuid d’fhoireann Acmhainní Daonna a bhfuil taithí acu, beidh an Stiúrthóir Acmhainní Daonna i gceannas ar chleachtais agus bearta Acmhainní Daonna forásacha a fhorbairt, ag cabhrú chun na príomh-thosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach laistigh d’eagraíocht daoine-lárnach. Cuirfidh siad dlús le soláthar na spriocanna straitéiseacha agus oibríochtúla Acmhainní Daonna, agus taithí tacúil agus tarraingteach a chinntiú d’fhostaí mar aidhm acu - bearta agus próisis daoine-lárnacha a éascú agus a dhéanamh iomasach d’fhostaithe trí réitigh daoine-lárnacha a dhearadh, rudaí a chlúdóidh saolré an fhostaí. Cruthóidh sé/sí deiseanna forbartha leanúnaigh agus forbartha scileanna chun soláthar a chinntiú maidir le spriocanna aonair, foirne agus eagraíochtúla.

**C. Príomhfhreagrachtaí**

Mar Stiúrthóir Acmhainní Daonna, beidh an t-iarrthóir rathúil freagrach as an méid seo a leanas:

- Comhoibrigh leis an eagraíocht chun straitéis Acmhainní Daonna a fhorbairt, agus ag déanamh cinnte go bhfuil cleachtais láidre oibríochtúla mar bhonn faoi thograí straitéiseacha, rudaí a ailíníonn bearta daonna le straitéis eagraíochtúil;
- Caidrimh láidre a fhorbairt agus a choinneáil san eagraíocht trí chéile, le páirtithe leasmhara

inmheánacha agus seachtracha chun an tseirbhís is fearr ar fad a chur ar fáil d'fhostaithe;
- Bí i gceannas ar fheidhmiú na roinne Acmhainní Daonna ó thaobh straitéis de, agus chun freagracht, úinéireacht agus saoirse a spreagadh;
- Príomh-thograí a dhearadh agus a fhorbairt i réimse na Bainistíochta Tallainne, Aimsiú Tallainne, Bainistíochta Feidhmíochta, Pleanála Comharbais, Caidreamh Tionsclaíocha agus Fostaí, Bainistíochta Athruithe, Cultúir agus Rannpháirtíochta agus Oibríochtaí Acmhainní Daonna;
- Ionchur saineolach a chur ar fáil maidir le dearadh na heagraíochta agus tograí forbartha, rudaí a bhfuil tuiscint ar riachtanais na heagraíochta, rioscaí daonna agus pleanáil chomharbais sna ranna trí chéile;
- Cultúr torthaí-lárnach a spreagadh a chuireann béim ar chumas eagraíochtúil, forbairt ceannaireachta agus forbairt bainistíochta;
- Cumarsáid inmheánach agus feasacht branda a fheabhsú i gcomhréir leis an bhFoireann Cumarsáide;
- Tograí a mbíonn tionchar acu ar chúrsaí a thacú agus a cheiliúradh san eagraíocht trí chéile m.sh Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, Inrochtaineacht agus Clár Oibre le haghaidh Bunathrú Gnó;
- Caidrimh láidre le Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Rialtais agus Ionadaithe Aontas a chothú.

Mar bhall den fhoireann Bainistíochta Sinsearaí:
- Luachanna, fís agus misean na Comhairle Ealaíon a spreagadh;
- Rannchuidiú go gníomhach chun cuspóirí straitéiseacha na Comhairle Ealaíon agus an straitéis Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh a chur i gcrích;
- Rannchuidiú go gníomhach chun straitéisí agus beartais a fhorbairt don eagraíocht;
- Rannchuidiú le cinnteoireacht straitéiseach maidir le hinfheistíocht agus beartas, lena n-áirítear buiséadú bliantúil;
- Fócas agus spreagadh a thabhairt chun feidhmíocht agus soláthar seirbhíse ar ardleibhéal a chinntiú ar bhonn leanúnach, ag tabhairt aghaidh ar aon fhadhbanna feidhmíochta a thagann chun cinn;
- Fadhbanna a scrúdú agus féachaint conas is féidir cúrsaí a fheabhsú – deiseanna a aithint agus a thapú chun leas a bhaint as cainéil soláthair seirbhíse agus modhanna oibre nua agus nuálacha;
- Obair na foirne ina hiomláine a stiúradh agus a bharrfheabhsú;
- Caidrimh inmheánacha agus sheachtracha a chruthú agus a chothú;
- Spriocanna agus cuspóirí a shainiú go soiléir, tascanna a tharmligean go héifeachtach, úinéireacht agus freagracht a spreagadh as tascanna agus torthaí;
- A bheith freagrach as tionscadail straitéiseacha, agus rannchuidiú ina leith de réir mar is gá;
- Cinntí soiléire tráthúla a dhéanamh maidir le saincheisteanna tábhachtacha de réir mar is gá;
- Aon dualgais eile a d'fhéadfadh an Stiúrthóir/Ard-Stiúrthóir a shannadh go réasúnta ó am go chéile.

## D. Scileanna, Eolas agus Taithí

- Taithí 3 – 5 bliana i gceannas ar imeacht AD;
- Eolas láidir arbh fhéidir a thaispeáint ar dhisciplíní Acmhainní Daonna lena n-áirítear Éagsúlacht & Ionchuimsitheacht, Caidrimh idir fostóirí agus fostaithe, Córais Acmhainní Daonna, Bainistíocht Feidhmíochta, Forbairt Eagraíochtúil, Aimsiú Tallainne agus Forbairt;
- Taithí agus tuiscint ar fhorbairt, cur i bhfeidhm, bainistíocht athruithe, meastóireacht agus monatóireacht straitéise (bainistíocht cláir agus athraithe)
- An cumas chun bonneagar corparáideach a fhorbairt, lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus córais;
- Eolas agus tuiscint arbh fhéidir a thaispeáint ar reachtaíocht fostaíochta agus le caidrimh dhearfacha idir fostóirí agus fostaithe a bhunú, comhairliúchán agus idirbheartaíocht in Éirinn;

- Cumas cruthaithe athruithe a chur chun cinn agus a stiúradh in eagraíocht agus a bheith sásta foirne bainistíochta agus ceannaireachta a stiúradh trí thograí athruithe a chur i bhfeidhm;
- Scileanna maithe idirphearsanta, scileanna ceannaireachta agus cumarsáide (lena n-áirítear scileanna labhartha, scríofa agus cur i láthair), scileanna pleanála tionscadal agus scileanna seachadta tionscadal;
- Cumas arbh fhéidir a thaispeáint a bheith i do rúnchara agus chomhairleoir dílis maidir le réitigh daoine atá oiriúnach don fheidhm atá leo chun tacú leis an eagraíocht a cuid pleananna straitéiseacha a mhúnlú agus a bhaint amach;
- Cumas láidir cinntí a dhéanamh agus dul i bhfeidhm ar, comhoibrigh le agus idirbheartaíocht a dhéanamh le páirtithe leasmhara agus pleananna a chur i bhfeidhm go héifeachtach;
- Dearcadh dearfach a bheith aige/aici, a bheith spreagtha agus dírithe ar thorthaí le scileanna láidre dul i bhfeidhm ar dhaoine;
- Bheadh taithí nó tuiscint ar an earnáil phoiblí agus/nó earnáil na n-ealaíon ina buntáiste
- An cumas feidhmiú i nGaeilge, idir labhairt agus scríobh, inmhianaithe.

**D. Cáilíochtaí**

- Céim i mBainistíocht Acmhainní Daonna;
- Cáilíocht agus ballraíocht CIPD nó IITD (nó a bheith incháilithe do bhallraíocht);
- Cáilíocht ghairmiúil oiliúna;
- Cáilíocht iarchéime i bhforbairt eagraíochtúil nó a mhacasamhail inmhianaithe;
- Cáilíocht i mbainistíocht tionscail inmhianaithe.